Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9666/26**

**STATIS 45**
**TRANS 338**
**COMPET 619**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 241 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2018/974 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 241 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 241 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2026
COM(2026) 241 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2018/974 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre**

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2018/974 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre**

# 1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) 2018/974 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([1]), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 10 den Rialachán sin, chun na gcríoch seo a leanas:

- an tairseach maidir le cumhdach staidrimh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre a ardú, chun treochtaí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh (féach Airteagal 2(5));
- sainmhínithe a oiriúnú nó foráil a dhéanamh maidir le cinn nua, ionas go gcuirfear san áireamh sainmhínithe ábhartha atá leasaithe nó glactha ar an leibhéal idirnáisiúnta (féach Airteagal 3);
- athruithe a léiriú maidir le códú agus le hainmníocht ar an leibhéal idirnáisiúnta nó i ngníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh (féach Airteagal 4(4)).

De réir Airteagal 2(5), Airteagal 3 agus Airteagal 4(4), ní mór don Choimisiún a áirithiú, agus an chumhacht sin á feidhmiú aige, nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí. Thairis sin, ní mór don Choimisiún údar cuí a thabhairt leis na gníomhaíochtaí a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe sin, agus úsáid á baint, i gcás inarb iomchuí, as anailís ar chostéifeachtacht lena ndéantar measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais táirgthe.

Faoi mar a shonraítear in Airteagal 10(4), roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, ní mór don Choimisiún dul i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr([2]).

# 2. BUNÚS DLÍ

Ceanglaítear an tuarascáil seo faoi Rialachán (AE) 2018/974, ina sonraítear in Airteagal 10(2) go dtugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 7 Nollaig 2016. Tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5

[1] Rialachán (AE) 2018/974 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre (IO L 179, 16.7.2018, lch. 14; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/974/oj).

[2]Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1);
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

bliana, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Chuir an Coimisiún a chéad tuarascáil isteach in 2021([3]). Is í seo an dara tuarascáil.

## 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Níor fheidhmigh an Coimisiún fós an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar dó le Rialachán (AE) 2018/974.

Pléann an Coimisiún feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre go tráthrialta leis an nGrúpa Saineolaithe um Staidreamh ar Iompar d'Uiscebhealaí Intíre agus leis an nGrúpa Comhordaithe um Staidreamh i ndáil le hIompar. Cuirtear san áireamh sa phlé sin freisin na costais agus na hualaí a d'fhéadfadh a bheith ar thíortha agus ar fhreagróirí.

Tá gá le staidreamh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Cuimsithí um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste (spriocanna 2020-2050)([4]) agus gníomhaíochtaí comhlántacha amhail beartas an Aontais maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T)([5]) , an Rialachán maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (eFTI)([6]), clár gníomhaíochta Naiades III([7]) agus an Treoir maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann([8]). Le gníomhaíochtaí den sórt sin, féadfar a cheangal ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre a oiriúnú do threochtaí eacnamaíocha agus teicniúla i gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2018/974 agus chun athruithe ar shainmhínithe, ar chódú agus ar ainmníocht ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú.

---

[3] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2018/974 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre (COM(2021) 117 final, 12.3.2021; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/TXT/?uri=CELEX%3A52021DC0117).

[4] COM(2020) 789 final, 9.12.2020; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0789.

[5]Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

[6] Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais (IO L 249/33, 31.7.2020, lch. 33; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1056/oj).

[7] COM(2021) 324 final, 24.6.2021; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A52021DC0324.

[8] Treoir (AE) 2025/2482 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 2025/2482, 12.12.2025; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2482/oj).